



An Ghníomhaireacht um
Leanaí agus an Teaghlach
Child and Family Agency

Oifig Chlárúcháin
Cigireacht Luathbhlianta
Urlár 2
Teach Inbhir
Sráid Anraí
Luimneach
061 461 715

14^ú Nollaig 2020

Maidir le: Athchlárú 2019 a Chomhlánú do Sheirbhísí Réamhscoile Luathbhlianta

A Sholáthraí,

Tá súil agam go bhfuil tú féin agus gach duine i do sheirbhís go maith le linn na tréimhse deacra seo. Ba mhaith liom an deis seo a thapú chun nuashonrú a thabhairt duit maidir le hathchlárú do sheirbhíse a chríochnú.

Mar is eol duit, rinneadh athchlárú ar fhorhmór na seirbhísí réamhscoile luathbhlianta sa dara cuid de 2019. In iarracht cuidiú le soláthraithe ag an am sin, roinneadh an próiseas ina dhá chuid. Críochnaíodh an chéad chuid ag deireadh na bliana seo caite agus cuireadh an spriocdháta don dara chuid (na doiciméid eile a chur isteach) ar athló go dtí Meitheamh na bliana seo. Mar gheall ar chúrsaí gan fasach bainteach le COVID-19, rinneadh cinneadh i Márta na bliana seo an spriocdháta a chur siar go dtí dáta i 2021.

Ba mhaith liom a chur in iúl duit anois go bhfuil an spriocdháta deiridh chun gach doiciméad atá fágtha a chur isteach chun an próiseas athchlárúcháin a chríochnú ag am scoir gnó **Dé Luain 1^ú Samhain 2021**. Is é seo an spriocdháta deiridh agus iarrfainn ort a chinntiú go bhfuil an doiciméadúchán riachtanach in ord agus curtha isteach agat i bhfad roimh an spriocdháta seo chun am a cheadú le haghaidh aon cheartúcháin nó athruithe.

I mBealtaine na bliana seo beidh teachtaireacht faighte agat tríd an tairseach ag cur in iúl duit an doiciméadúchán fós le réiteach le haghaidh d'iarratais agus sonraí teagmhála an bhaill foirne Tusla atá ar fáil chun cúnaimh a sholáthar le d'iarratas a chomhlánú. Tá d'iarratas tairsí fós oscailte duit ag an am seo agus is féidir leat an t-iarratas a thabhairt chun críche más mian leat é sin a dhéanamh anois. Ba chóir duit gach doiciméad a chur isteach tríd an tairseach.

Má tá iliomad doiciméad agat le cur isteach, is féidir leat iad a chur isteach tríd an tairseach ar líne de réir nuair a bheidh siad ar fáil. Nuair a bheidh na doiciméid fágtha curtha isteach agat, déanfaidh an duine a shanntar chuig do chás an doiciméadúcháin a mheas agus rachaidh siad i dteagmháil leat tríd an tairseach. Ní féidir ach iarratais chomhlánaithe leis an doiciméadúchán tacaíochta ceart a phróiseáil.

An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach / Child and Family Agency

Cigireacht na Luathbhlianta

Urlár 2, Teach Inbhir, Sráid Anraí, Luimneach

Early Years Inspectorate

Floor 2, Estuary House, Henry Street, Limerick

t. +353 (061) 461 715

www.tusla.ie



An Ghníomhaireacht um
Leanaí agus an Teaghlach
Child and Family Agency

Tá sé thar a bheith tábhachtach go dtugann tú tús áite do chríochnú an phróisis. Is bunriachtanais rialála iad na doiciméid atá ag teastáil agus is freagracht reachtúil é a chinntiú go bhfuil d'áitreabh oiriúnach don fheidhm agus go gcomhlíonann sé riachtanais na reachtaíochta sábháilteachta ábhartha. Anuas ar sin, tugann siad dearbhú freisin do thuismitheoirí go bhfuil gach céim tógtha chun sábháilteacht agus leas leanaí a chinntiú.

Tá an fhoireann athchlárúcháin ar fáil le haghaidh aon chúnamh a d'fhéadfadh a bheith uait sa phróiseas seo, nó chun aon cheisteanna a d'fhéadfadh a bheith agat a fhreagairt.

Is féidir leat teagmháil a dhéanamh leo trí:

- Ríomhphost - re.registration@tusla.ie
- Fón - 061 461715

Tá treoir ar fáil againn freisin chun cuidiú leat, ar féidir leat a fháil ar ár láithreán gréasáin www.tusla.ie nó ar an tairseach.

Tá tuilleadh cúnamh maidir le hathchlárú ar fáil freisin ó do Choiste Cúram Leanaí Cathrach/Contae áitiúil ag www.myccc.ie.

Mise le meas,

Jane Hayes
Bainisteoir Clárúcháin Eatramhach,
Cigireacht Luathbhlianta,
Stiúrthóireacht Dearbhaithe Cáilíochta,
An Dara hUrlár, Teach Inbhir, Luimneach

An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach / Child and Family Agency

Cigireacht na Luathbhlianta

Urlár 2, Teach Inbhir, Sráid Anraí, Luimneach

Early Years Inspectorate

Floor 2, Estuary House, Henry Street, Limerick

t. +353 (061) 461 715

www.tusla.ie